ISSN 1725-2571

**Eagrán Speisialta ***

**2 Deireadh Fómhair 2003**

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Achtú

Clár

**Chúirt**

★ **Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Céadchéime tar éis Conradh Nice a theacht i bhfeidhm** ........................................................ 1

GA



* Faoin tagairt L 147 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais.

# CHÚIRT

## LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE CÉADCHÉIME TAR ÉIS CONRADH NICE A THEACHT I bhFEIDHM

TÁ CÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe an cúigiú mír d'Airteagal 224 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an cúigiú mír d'Airteagal 140 de,

Ag féachaint d'Airteagal 63 den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais,

Ag féachaint do chomhaontú na Cúirte Breithiúnais,

Ag féachaint don fhormheas ón gComhairle arna thabhairt ar an 8 Aibreán 2003,

De bhrí:

(1) Tar éis Conradh Nice ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, do na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus ionstraimí gaolmhara áirithe agus don Phrótacal nua ar Reacht na Cúirte Breithiúnais a theacht i bhfeidhm agus don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a dhul in éag, nach foláir coigeartuithe foirmiúla áirithe a dhéanamh ar na forálacha sna Rialacha Nós Imeachta, leasú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le toghadh Uachtaráin na nDlísheomraí i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 50 de Reacht na Cúirte Breithiúnais agus foráil a dhéanamh chun gur féidir leis an gCúirt Chéadchéime suí mar Mhórdhlísheomra mar atá leagtha síos sa tríú mír d'Airteagal 50 de Reacht na Cúirte Breithiúnais.

(2) Nach foláir a chur san áireamh an gá atá leis an gcomhchuibheas sa chásdlí a áirithiú, ó tharla go dtiocfaidh méadú ar líon na nDlísheomraí tar éis an mhéadaithe, agus an dlínse atá ag Uachtarán na Cúirte Céadchéime a thabhairt in imeachtaí idirlinne don bhreitheamh a mbeidh iarratas ar bhearta idirlinne á éisteacht aige nuair atá an tUachtarán as láthair nó mura féidir dó bheith i láthair.

(3) Gur cheart Uachtaráin na nDlísheomraí ar a bhfuil cúigear Breithiúna a thoghadh go ceann tréimhse trí bliana tráth a thoghtar Uachtarán na Cúirte Céadchéime agus tráth a dhéantar na Comhaltaí den Chúirt Chéadchéime a pháirtathnuachan de bhun an dara mír d'Airteagal 224 den Chonradh CE, agus go bhfuil gá chuige sin le foráil idirthréimhseach chun an chéad toghchán a chur ar athló go ceann trí bliana go dtí go dtéann an chéad tréimhse den pháirtathnuachan in éag.

TAR ÉIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach an 2 Bealtaine 1991 (IO L 136 an 30 Bealtaine 1991, lch. 1), arna leasú an 15 Meán Fómhair 1994 (IO L 249 an 24 Meán Fómhair 1994, lch. 17), 17 Feabhra 1995 (IO L 44 an 28 Feabhra 1995, lch. 64), 6 Iúil 1995 (IO L 172 an 22 Iúil 1995, lch. 3), 12 Márta 1997 (IO L 103 an 19 Aibreán 1997, lch. 6, mar aon le ceartúchán IO L 351 an 23 Nollaig 1997, lch. 72), 17 Bealtaine 1999 (IO L 135 an 29 Bealtaine 1999, lch. 92) agus 6 Nollaig 2000 (IO L 322 an 19 Nollaig 2000, lch. 4) a leasú mar a leanas:

1. Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 1:

   'Sna Rialacha seo:

   — ciallaíonn "Conradh CE" an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

   — ciallaíonn "Conradh CEFA" an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach (Euratom),

   — ciallaíonn "Reacht na Cúirte Breithiúnais" an Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais,

   — ciallaíonn "Comhaontú LEE" an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.'

2. Déanfar na tagairtí do na Prótacail ar Reacht na Cúirte Breithiúnais a cheartú mar a leanas:

   (a) in Airteagal 7(19), deantar ', in Airteagal 32d de Chonradh CEGC' a scriosadh;

   (b) in Airteagal 14(2)(1)(b), déantar ', an dara mír d'Airteagal 33, Airteagal 35 agus an chéad agus an dara mír d'Airteagal 40 de Chonradh CEGC' a scriosadh mar aon le ', Airteagal 42 de Chonradh CEGC' in Airteagal 14(2)(1)(c);

   (c) in Airteagal 24(7), déantar ', an tríú mír d'Airteagal 36 de Chonradh CEGC' a scriosadh;

(d) in Airteagal 42, cuirtear 'Airteagal 19 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'Airteagal 17 de Reacht CE, Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEFA', agus in Airteagal 115(3), cuirtear 'Airteagal 19 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'Airteagal 17 de Reacht EC, na chéad mhíre agus an dara mír d'Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEGC';

(e) in Airteagal 44(1), cuirtear 'Airteagal 21 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'Airteagal 19 de Reacht CE, in Airteagal 22 de Reacht CEGC agus in Airteagal 19 de Reacht CEFA' agus in Airteagal 44(4) cuirtear 'an dara mír d'Airteagal 21 de Reacht na Cuírte Breithiúnais' in ionad 'an dara mír d'Airteagal 19 de Reacht CE, an dara mír d'Airteagal 22 de Reacht CEGC agus an dara mír d'Airteagal 19 de Reacht CEFA';

(f) in Airteagal 44(5)(a), déantar ', Airteagal 42 de Reacht CEGC' a scriosadh;

(g) in Airteagal 64 cuirtear 'd'Airgeagail 24 agus 25 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'd'Airteagal 21 agus 22 de Reacht CE, d'Airteagal 24 agus 25 de Reacht CEGC agus d'Airteagail 22 agus 23 de Reacht CEFA';

(h) in Airteagal 69(4) déantar ', Airteagail 44 agus 92 de Chonradh CEGC' a scriosadh;

(i) in Airteagail 77 agus 80, cuirtear 'sa tríú mír d'Airteagal 54 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CE, sa tríú mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC agus sa tríú mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA';

(j) in Airteagal 83, cuirtear 'Airteagal 60 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'an dara mír d'Airteagal 53 de Reacht CE, an dara mír d'Airteagal 53 de Reacht CEGC agus an dara mír d'Airteagal 54 de Reacht CEFA';

(k) sa dara mír d'Airteagal 98, déantar 'faoi Airteagal 33 agus 35 de Chonradh CEGC' a scriosadh;

(l) in Airteagal 101(1), déantar ', CEGC' a scriosadh agus cuirtear 'Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'Reachtanna na Cúirte';

(m) in Airteagal 104(1), déantar ', an dara mír d'Airteagal 39 de Chonradh CEGC' agus ', sa tríú mír d'Airteagal 39 de Chonradh CEGC' a scriosadh;

(n) in Airteagal 110, déantar ', Airteagail 44 agus 92 de Chonradh CEGC' a scriosadh;

(o) in Airteagal 112, cuirtear 'an dara mír d'Airteagal 54 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'an dara mír d'Airteagal 47 de Reacht CE, an dara mír d'Airteagal 47 de Reacht CEGC agus an dara mír d'Airteagal 48 de Reacht CEFA';

(p) in Airteagal 115(2)(f), cuirtear 'an dara nó an tríú mír d'Airteagal 40 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'an dara nó an tríú mír d'Airteagal 37 de Reacht CE, Airteagal 34 de Reacht CEGC nó an dara mír d'Airteagal 38 de Reacht CEFA' agus in Airteagal 115(3), cuirtear 'Airteagal 19 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'Airteagal 17 de Reacht CE, na chéad mhíre agus an dara mír d'Airteagal 20 de Reacht CEGC agus Airteagal 17 de Reacht CEFA';

(q) in Airteagal 125, cuirtear 'sa tríú mír d'Airteagal 44 de Reacht na Cúirte Breithiúnais' in ionad 'sa tríú mír d'Airteagal 41 de Reacht CE, sa tríú mír d'Airteagal 38 de Reacht CEGC agus sa tríú mír d'Airteagal 42 de Reacht CEFA'.

3. Déanfar '*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*' a chur in ionad '*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*' in Airteagail 10(2), 12, an dara mír, 24(6), 32(1), an dara fomhír, 101(2), an dara fomhír, 102(1), 123(1), an tríú fomhír, agus 137.

4. Cuirtear an dara agus an tríú mír nua seo le hAirteagal 8:

'Is é Uachtarán na Cúirte Céadchéime a bheidh in uachtarán ar an Mórdhlísheomra.

Má dhéantar Uachtarán na Cúirte Céadchéime a shannadh chuig Dlísheomra de thrí nó de chúig Bhreitheamh, is é a bheidh ina uachtarán ar an Dlísheomra sin.'

5. Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad théacs Airteagal 10(1):

Bunóidh an Chúirt Chéadchéime Dlísheomraí de thrí Bhreitheamh agus de chúig Bhreitheamh agus Mórdhlísheomra d'aon Bhreitheamh déag agus cinnfidh sí cé hiad na Breithiúna a shannfar chucu.

In Airteagal 10(2) cuirtear 'an cinneadh a ghlactar i gcomhréir leis an airteagal seo' in ionad 'comhdhéanamh na nDlísheomraí'.

6. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 11(1), tar éis 'Dlísheomraí ina mbeidh' cuirtear isteach 'trí nó cúig Bhreitheamh'. Sa dara fomhír d'Airteagal 11(1), tar éis 'i seisiún iomlánach' cuirtear isteach ', nó tríd an Mórdhlísheomra'.

7. In Airteagal 14(1), tar éis 'chun na Cúirte Céadchéime, ina suí di i seisiún iomlánach' cuirtear isteach 'chun an Mhórdhlísheomra'.

8. Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad théacs Airteagal 15:

'1. Déanfaidh na Breithiúna, de bhun na bhforálacha in Airteagal 7(3), Uachtarán na nDlísheomraí ina bhfuil trí agus cúig Bhreitheamh, a thoghadh as a measc féin.

2. Déanfar Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúig Bhreitheamh a thoghadh go ceann téarma trí bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin.

Toghfar Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúig Bhreitheamh láithreach tar éis thoghadh Uachtarán na Cúirte Céadchéime dá bhforáiltear in Airteagal 7(1).

3. Toghfar Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil trí Bhreitheamh ar feadh téarma sonraithe.

4. Má tharlaíonn folúntas in oifig Uachtarán Dlísheomra roimh dheireadh an ghnáth-théarma di, toghfar comharba ina Uachtarán ar an Dlísheomra don chuid eile den téarma.

5. Déanfar torthaí na dtoghchán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*'

9. In Airteagal 32(2), tar éis 'an córam', déantar 'naoi mBreitheamh' a scriosadh.

In Airteagal 32(3), tar éis 'in aon cheann de na Dlísheomraí' cuirtear isteach 'ina bhfuil trí nó cúig Bhreitheamh'. Cuirtear an dara fomhír nua seo a leanas le hAirteagal 32(3):

'Naoi mBreitheamh is córam don Mhórdhlísheomra. Mura mbeidh an córam sin sroichte, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Céadchéime Breitheamh eile chun an Dlísheomra a chomhlánú.'

10. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 51(1), tar éis 'féadfaidh an Dlísheomra' cuirtear isteach 'nó Uachtarán na Cúirte Céadchéime' agus tar éis 'faoi bhráid na Cúirte Céadchéime ina suí di i seisiún iomlánach' cuirtear isteach ', nó faoi bhráid an Mhórdhlísheomra'.

Sa dara fomhír d'Airteagal 51(1), cuirtear 'Déanfaidh Dlísheomra ina bhfuil ar a laghad cúig bhreitheamh breith sa chás' in ionad 'Déanfar an cás a choimeád ar bun os comhair nó a chur faoi bhráid Dlísheomra ina bhfuil cúig bhreitheamh'.

11. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 52(2), tar éis 'chuig an gCúirt Chéadchéime ina suí di i seisiún iomlánach' cuirtear isteach ', chuig an Mórdhlísheomra'.

12. Cuirtear an t-aon mhír seo a leanas in ionad na dtrí míreanna in Airteagal 106:

'Gabhfaidh Breitheamh, arna ainmniú chuige sin le breith arna glacadh ag an gCúirt Chéadchéime i gcomhréir le hAirteagal 10, ionad Uachtarán na Cúirte Céadchéime agus breith á tabhairt ar iarratas, má tá an tUachtarán as láthair nó mura féidir dó sé déileáil leis.'

13. In Airteagal 118(2), tar éis 'ina suí di i seisiún iomlánach' cuirtear isteach 'nó ag an Mórdhlísheomra' agus cuirtear 'don Chúirt don Dlísheomra sin, de réir mar a bheidh' in ionad 'don chúirt sin ina suí di amhlaidh'.

14. In Airteagail 124, 127(1) agus 129(2), tar éis 'an Chúirt Chéadchéime, ina suí di i seisiún iomlánach' cuirtear isteach 'nó Mórdhlísheomra na Cúirte Céadchéime' agus cuirtear isteach 'nó dó' tar éis 'sannfar an t-iarratas di'.

*Airteagal 2*

Maidir le hUachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúig Bhreitheamh, toghfar den chéad uair iad go ceann trí bliana de bhun Airteagal 15(2) de na Rialacha Nós Imeachta tráth tréimhse reatha pháirtathnuachan do Chomhaltaí na Cúirte Céadchéime a dhul in éag, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 224 de Chonradh CE, tar éis 31 Lúnasa 2004.

*Airteagal 3*

Déanfar na leasuithe seo ar na Rialacha Nós Imeachta, atá barántúil sna teangacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de na Rialacha sin, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.* Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí ó dháta a bhfoilsithe.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Bealtaine 2003.

| *An Cláraitheoir* | *An tUachtarán* |
| --- | --- |
| H. JUNG | B. VESTERDORF |